

	Irish
I am in one of the listed groups above, why do I have to wait?	Tá mé i gceann amháin de na grúpaí liostaithe thuas, cén fáth a bhfuil orm fanacht?
The COVID-19 vaccines will become available as they are approved for use and as each batch is manufactured.	Cuirfear na vacsaíní in aghaidh COVID-19 ar fáil de réir mar a fhortheastar iad le haghaidh úsáid agus a dhéantar gach baic.
So every dose is needed to protect those at highest risk. You will be called in as soon as there is enough vaccine available.	Dá bhrí sin, teastaíonn gach aon dáileog chun na daoine sa bhaol is mó a chosaint. Glaofar isteach thú a luaithe is atá go leor vacsaíní ar fáil.
Some people who are housebound or live in a care home and who can't get to a local vaccination centre may have to wait for supply of the right type of vaccine. This is because only some vaccines can be transported between people's homes.	Tá seans ann go mbeidh ar roinnt daoine atá gafa sa teach nó a chónaíonn i dteach cúraim agus nach féidir leo ionad vacsaínithe áitiúil a shroicheadh fanacht go dtí go mbeidh an cineál ceart vacsaíne ar fáil. Tá sé sin amhlaidh toisc nach féidir ach roinnt cineálacha vacsaíne a iompar idir tithe daoine.
Where can I get my COVID-19 vaccination?	Cén áit ar féidir liom vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil?
Vaccines will be offered in a range of settings. Some vaccination teams will visit people to offer the vaccine, for example in care homes, other people may have to go to the nearest centre. Because some of the vaccine has to be stored in a very low temperature freezer, you may not be able to get the vaccine in your normal GP surgery.	Tairgfear vacsaíní i suíomhanna éagsúla. Tabharfaidh roinnt foirne vacsaínithe cuairt ar dhaoine chun an vacsaín a thairiscint, mar shampla i dtithe cúraim. Is féidir go mbeidh ar dhaoine eile dul chuig an ionad is gaire. Ós rud é go bhfuil cineálacha vacsaíne ann nach mór a stóráil i reoiteoir teochta an-íseal, tá seans ann nach mbeidh tú in ann an vacsaín a fháil i do ghnáthchlinic lia-chleachtóra ghinearálta.
What if the centre I am offered is not easy to get to?	Cad a tharlóidh mura bhfuil sé furasta an t-ionad a dtairgtear vacsaín dom ann a shroicheadh?
Please try to attend the vaccination centre you are offered. If you cannot attend that centre you may have to wait to get the vaccine in a more convenient location.	Bain triail as an ionad vacsaínithe a dtairgtear vacsaín duit ann a shroicheadh. Mura féidir leat an t-ionad sin a shroicheadh, tá seans ann go mbeidh ort fanacht chun an vacsaín a fháil i láthair níos áisiúla.

Can I pay for a COVID-19 vaccine privately or at a pharmacy?	An féidir liom íoc as vacsaín in aghaidh COVID-19 go príobháideach nó i gcógaslann?
No, the COVID-19 vaccination is only available through the health service to eligible groups and it is a free vaccination.	Ní féidir. Níl an vacsaín in aghaidh COVID-19 ar fáil ach tríd an tseirbhís sláinte do ghrúpaí incháilithe agus is vacsaín saor in aisce í.
Please read the product information leaflet for more details on your vaccine, including possible side effects, by searching Coronavirus Yellow Card. You can also report suspected side effects on the same website or by downloading the Yellow Card app. coronavirus-yellowcard.mhra.gov.uk	Léigh bileog faisnéise an táirge chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi do vacsaín, lena n-áirítear fo-iarmhairtí féideartha, trí 'Coronavirus Yellow Card' a chur isteach in inneall cuardaigh. Is féidir leat fo-iarmhairtí amhrasta a thuairisciú ar an suíomh Gréasáin céanna nó tríd an aip Yellow Card a íoslódáil fosta. coronavirus-yellowcard.mhra.gov.uk
Vaccination, helping to protect those most vulnerable.	Vacsaíniú, ag cabhrú leis na daoine is leochailí a chosaint.
If you need more information on the COVID-19 vaccination please visit: <a href="http://www.nidirect.gov.uk/covid-vaccine">www.nidirect.gov.uk/covid-vaccine</a>	Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait faoin vacsaíniú in aghaidh COVID-19, téigh chuig: <a href="http://www.nidirect.gov.uk/covid-vaccine">www.nidirect.gov.uk/covid-vaccine</a>
COVID-19 vaccination	Vacsaíniú in aghaidh COVID-19
Why do I have to wait?	Cén fáth a bhfuil orm fanacht?
Information about COVID-19 vaccination supplies	Faisnéis faoi sholáthairtí na vacsaíní in aghaidh COVID-19
COVID-19 immunisation Protect yourself	Imdhíonadh ar COVID-19 Cosain tú féin
People most at risk from the complications of COVID-19 are being offered the vaccine first.	Tá an vacsaín in aghaidh á tairiscint ar dtús do na daoine sin lena mbaineann an baol is mó go bhfulaingeoídh siad aimhréidheanna de bharr COVID-19.
In Northern Ireland, the COVID-19 vaccines in use require two doses to provide longer lasting protection. They have been shown to be effective in clinical trials and have a good safety record.	I dTuaisceart Éireann, is amhlaidh, chun cosaint níos fadtéarmaí a thabhairt, go dteastaíonn dhá dháileog de na vacsaíní atá á n-úsáid in aghaidh COVID-19. Léiríodh i dtrialacha cliniúla go bhfuil siad éifeachtach agus go bhfuil dea-thaifead sábháilteachta acu.

An independent group of experts has recommended that these vaccines are offered first to those at highest risk of catching the disease and of suffering serious complications or dying from COVID-19. This includes older adults in care homes and frontline health and social care workers.	Mhol grúpa neamhspleách saineolaithe go dtairgfí na vacsaíní sin ar dtús do na daoine lena mbaineann an baol is mó go dtolgfaidh siad an galar agus go bhfulaingeach siad aimhréidheanna tromchúiseacha nó go bhfaighidh siad bás de bharr COVID-19. Áirítear leo sin aosaigh scothaosta i dtithe cúraim agus oibríthe sláinte agus cúraim shóisialta túslíne.
When more vaccine becomes available, the vaccines will be offered to other people at risk as soon as possible.	Tairgfear na vacsaíní do dhaoine eile atá i mbaol a luaithe is féidir de réir mar a chuirtear tuilleadh vacsaíní ar fáil.
You should have the vaccine when it is offered if you are:	Ba cheart duit an vacsaín a fháil nuair a thairgtear í más rud é:
living in a care home for older adults	go bhfuil tú i do chónaí i dteach cúraim d'aosaigh scothaosta
working in a care home for older adults	go bhfuil tú ag obair i dteach cúraim d'aosaigh scothaosta
a frontline health and social care worker	go bhfuil tú i d'oibrí sláinte agus cúraim shóisialta túslíne
Then the vaccine will also be offered in age order to:	Tairgfear an vacsaín ansin de réir aoise fosta dóibh seo:
• those aged 80 years and over	• na daoine sin atá 80 bliain d'aois nó níos sine
• those aged 75 years and over	• na daoine sin atá 75 bliana d'aois nó níos sine
• those aged 70 years and over	• na daoine sin atá 70 bliain d'aois nó níos sine
• adults who are clinically extremely vulnerable (shielding)	• aosaigh atá ríleochaileach ón taobh cliniciúil de (ag sciathadh)
• those aged 65 years and over	• na daoine sin atá 65 bliana d'aois nó níos sine
• adults aged under 65 years with long-term clinical conditions (see list).	• aosaigh atá faoi bhun 65 bliana d'aois agus a bhfuil riochtaí cliniciúla fadtéarmacha orthu (féach an liosta).
Those aged 50-64 will be offered it later.	Tairgfear an vacsaín do na daoine sin idir 50 bliain d'aois agus 64 bliana d'aois ina dhiaidh sin.
Please wait your turn. If you are not in the groups above, you will have to wait for a COVID-19 vaccination until more supplies are available.	Fan le do sheal. Mura bhfuil tú sna grúpaí thuas, beidh ort fanacht le vacsaín in aghaidh COVID-19 go dtí go mbeidh tuilleadh soláthairtí ar fáil.
When more vaccine becomes available we will be offering it to more groups of the population.	A luaithe a bheidh tuilleadh vacsaíní ar fáil, tairgfí muid iad do níos mó grúpaí sa daonra.

Long-term clinical conditions list:	An liosta de riochtaí cliniúla fadtéarmacha:
<ul style="list-style-type: none"> <li>a blood cancer (such as leukaemia, lymphoma or myeloma)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>ailse fola (amhail leicéime, liomfóma nó mialóma)</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>diabetes</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>diaibéiteas</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>dementia</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>néaltrú</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>a heart problem</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>fadhb chroí</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>a chest complaint or breathing difficulties, including bronchitis, emphysema or severe asthma</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>tinneas cliabhraigh nó deacrachtaí anáilaithe, lena n-áirítear broincíteas, eimfiséime nó asma dian</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>a kidney disease</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>galar duáin</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>a liver disease</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>galar ae</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>lowered immunity due to disease or treatment (such as HIV infection, steroid medication, chemotherapy or radiotherapy)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>imdhíonacht laghdaithe mar thoradh ar ghalar nó ar chóireáil (amhail ionfhabhtú VEID, cógas stéaróideach, ceimiteiripe nó radaiteiripe)</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>rheumatoid arthritis, lupus or psoriasis</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>airtríteas réamatóideach, lúpas nó soiriáis</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>have had an organ transplant</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>trasphlandú orgáin a bheith faighte</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>had a stroke or a transient ischaemic attack (TIA)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>stróc nó taom iscéimeach neamhbhuan (TIA) a bheith fulaingthe</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>a neurological or muscle wasting condition</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>riocht sirg néareolaíoch nó matáin</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>a severe or profound learning disability</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>míchumas foghlama atá dian nó trom</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>a problem with your spleen, eg sickle cell disease, or you have had your spleen removed</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>fadhb leis an liathán, e.g. galar corráncheallach, nó an liathán a bheith bainte</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>being seriously overweight (BMI of 40 and above)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>bheith róthrom go mór (innéacs corpmhaise atá cothrom le 40 nó níos airde)</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>severe mental illness.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>meabhairghalar dian.</li> </ul>
At the same time the vaccine will also be offered to:	Ag an am céanna, tairgfear an vacsáin dóibh seo fosta:
<ul style="list-style-type: none"> <li>adults who provide regular care for an elderly or disabled person</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>aosaigh a thugann cúram rialta do dhuine scothaosta nó do dhuine faoi mhíchumas</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>younger adults in long-stay nursing and residential settings</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>aosaigh óga i suíomhanna altranais agus cónaithe fadfhanachta</li> </ul>